



SEIRBHÍS PHRÍOSÚIN NA hÉIREANN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012

Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra

**Chuig: An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus
Cosanta, An tUas. Alan Shatter, T.D.**



A Aire,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann don bhliain 2012 a chur faoi do bhráid.

Tharla ceann de na nithe ba shuntasá in 2012, i mí Aibreán, tráth ar foilsíodh Plean nua Stráitéiseach 3 bliana do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann inar leagadh amach na cuspóirí atá súil againn a bhaint amach sna trí bliana seo amach romhainn.

Tá ráiteas nua misin agus físe do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann sa Stráitéis – misean chun “coimeád sábháilte, dínit cúraim agus athinmheachán a sholáthar do phríosúnaigh ar mhaithe le pobail níos sábháilte” agus físe don tSeirbhís “lena n-áirítear pobal níos sábháilte trí bharr feabhais i seirbhís phríosúin a thógtar ar mheas do dhínit an duine”. Soláthraíonn sé treoir dúinn freisin chun éifeachtúlachtaí níos fearr a bhaint amach agus torthaí níos fearr arís do phríosúnaigh atá faoinár gcúram agus dá réir don tsochaí ina hiomláine.

Tá an tuarascáil ar dhul chun cinn an Phlean Feidhmithe do Bhliain 1 mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil seo.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaca le réimse leathan gníomhartha stráitéiseacha. Go háirithe, feidhmiú céimneach náisiúnta ar Bheartas Réimeas Dreasaithe nua, atá anois ag feidhmiú i ngach príosún, agus feidhmiú céimneach náisiúnta ar an Chlár chun Filleadh ar an Phobal – clár atá críochnaithe ag os cionn 250 ciontóir – a raibh tionchar an-dearfach acu ar ionchais athlonnaithe agus imeasctha na bpríosúnach.

Líon na bPríosúnach

Níor athraigh líon na bpríosúnach mórán in 2012. Ba 4,318 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2012, i gcomparáid le 4,390 in 2011. Cimíodh 17,026 duine chun príosúin in 2012, sin laghdú 1.7% ar an 17,318 ar fad a bhí i gceist in 2011. Cimíodh 13,860 duine chun príosúin in 2012 i gcomparáid le 13,952 in 2011, sin laghdú de 0.7%. Orthu sin ba fhir iad 84.5% agus ba mhná iad 15.5%.

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann

Ba é €65,404 an meánchostas a bhain le háit phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann leis le linn na bliana féilire 2012, ardú an-bheag ar chostas na bliana 2011, €65,359.

Cigire na bPríosún

Lean Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag obair go dlúth le Cigire na bPríosún in 2012 chun an oiread moltaí dhá chuid agus a d'fhéadfaí a fheidhmiú. I dtaca le tuarascáil Chigire na bPríosún i Márta 2012, i dtaobh samhail nua gearán do phríosúnaigh a thabhairt isteach do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a thagann le dea-chleachtais agus lenár n-oibleagáidí idirnáisiúnta sa chás seo, tá samhail nua gearán á tabhairt isteach don tSeirbhís Phríosúin de réir a chéile.

Tá ceithre rannóg éagsúla gearán agus trí chleachtas éagsúla gearán sa tsamhail atá á tabhairt isteach. Tháinig an cleachtas gearán i gCatagóir A i bhfeidhm an 1 Samhain 2012. Tá na gearáin is tromchúisí i gCatagóir A (ionsaí, imeaglú tromchúiseach ar phríosúnaigh ón fhoireann srl) agus ceadáíonn an tsamhail nua fiosrúchán neamhspleách faoi ghearáin ó lucht fiosruithe seachtracha ar son Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Dínit ag an Obair

Tá prionsabail dínite agus measa ina fhothaca ag an Phlean nua Stráitéiseach agus tá na prionsabail seo i gcroílár na gcuispóirí atá an tSeirbhís ag iarraidh a bhaint amach i rith thréimhse na Stráitéise. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha do Dhínit ag an Obair in 2012, a raibh sé d'aidhm aige caighdeán chaidrimh oibre, idirghníomhaíochtaí agus cúrsaí iompair i Seirbhís Phríosúin na hÉireann a fheabhsú.

D'aithin an Grúpa Stiúrtha gur theastaigh Grúpaí Fócais chun léargas níos fearr a fháil ar na príomhcheisteanna ar thug an fhoireann aghaidh orthu ar bhonn laethúil. Chuir éascaitheoirí seachtracha tús leis na Grúpaí Fócais i mí na Samhna 2012 rud a chuirfidh forbairt an Phlean Gníomhartha ar an eolas in am tráth.

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2012-2014

Tá dul chun cinn suntasach déanta chun Comhaontú na Seirbhíse Poiblí a fheidhmiú sa tseirbhís príosún le linn 2012. Lean an próiseas Athbhreithnithe Taisc le linn na bliana agus críochnaíodh, aontaíodh agus feidhmíodh seacht dtuarascáil. D'fhág sé sin go raibh glanlaghdú de 67 ball foirne sna seacht n-ionad seo i gcomparáid leis an leibhéal foirne a bhí aontaithe roimhe sin agus cuireadh atheagar ar ghráid na foirne laistigh de na suíomhanna a thug coigilteas de thart ar €6 mhilliún.

Conclúid

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhainistíocht agus le foireann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann as a dtiomantas agus a ngairmiúlacht leanúnach. Tá an treoir a bunaíodh trínár bPlean nua Stráitéiseach a fhorbairt tar éis Seirbhís Phríosúin na hÉireann a chur ar bhóthar dúshlánach, spreagúil agus táim cinnte gur féidir linn ár bhfís a bhaint amach le chéile.

Michael Donnellan

Ard-Stiúrthóir

Ár Misean

Coimeád sábháilte, dínit cúraim agus athinmheachán a sholáthar do phríosúnaigh ar mhaithe le pobail níos sábháilte.

Ár bhFís

Pobal níos sábháilte trí bharr feabhais i seirbhís príosún bunaithe ar mheas do dhínit an duine.

Ár Luacha

Seirbhís: Déanaimid freastal ar an phobal.

Sábháilteacht an Phobail: Mar chuid ríthábhachtach den chóras ceartais choiriúil déanaimid iarracht cur go dearfach le sábháilteacht an phobail.

Ceannaireacht: Is é ár dtoilmhian bheith inár n-eiseamláirí dearfacha agus daoine eile a spreagadh chun barr feabhais a bhaint amach.

Ionracas: Gníomhaímid go dleathach, go trédhearcach, go macánta, go hiontaofa, go cóir agus go heiticiúil.

Meas: Is le cúirtéis agus meas a chaithimid le gach duine, agus cúram orainn i leith a ndínite, a gcomhionannais agus a gceart daonna.

Bunaithe ar Phrionsabail: Tugaimid an deis do chiontóirí tabhairt faoi chláir agus gníomhaíochtaí oiriúnacha d'fhonn a saol a fheabhsú ar mhaithe le pobal níos sábháilte. Cuirimid na prionsabail – normalú, freagracht phearsanta, indibhidiúlú, neamh-idirdhealú, dul chun cinn agus athimeascadh – i bhfeidhm go cuí.

Comhoibriú: Oibrímid le chéile, agus cruthaímid comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí eile ionas go mbainfidh ár bhfeidhmíocht tairbhe as réimse leathan peirspictíochtaí, léargas agus comhairle.

Freagracht: Táimid freagrach dúinn féin agus do dhaoine eile as ár ngníomhartha agus ár gcinntí.

Saol an Teaghlaigh agus an Phobail: Cabhraímid le ciontóirí, más cuí, chun caidreamh teaghlaigh agus teagmháil leis an mórfhobal a choimeád.

Misneach: Déanaimid an rud ceart, fiú i gcás anachaine.

Barr Feabhais: Iompraímid muid féin go dearscnaitheach.

An Eagraíocht

Dílsítear freagracht pholaitiúil as an chóras príosúin in Éirinn don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Cosanta. Feidhmíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar ghníomhaireacht fheidhmiúcháin laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá sí faoi stiúir Ard-Stiúrthóra, agus tacaíonn 7 stiúrthóirí léi.

Déileálann Seirbhís Phríosúin na hÉireann le ciontóirí fireanna atá 17 mbliana d’aois nó os a chionn agus le ciontóirí baineanna atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn.

Riartar Seirbhís Phríosúin na hÉireann go lárnach, agus tá ceanncheathrú na Seirbhíse i mbaile Longfoirt.



Irish Criminal Justice System


Córas Cheartas Coiriúil na hÉireann

Irish Prison Service
 Department Of Justice & Equality
 Probation Service
 Irish Youth Justice Service
 Courts & Judiciary
 An Garda Síochána
 Other Justice Agencies
 Director of Public Prosecutions
 Chief State Solicitor

Seirbhís Phríosúin na hÉireann
 An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
 An tSeirbhís Phromhaidh
 Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig
 Na Cúirteanna agus na Breithiúna
 An Garda Síochána
 Gníomhaireachtaí Ceartais Eile
 An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
 An Príomh-Atur na Stáit

Fíor 1. The Irish Criminal Justice System

Fíor 1. Córas Ceartais Choiriúil na hÉireann



Irish Prison Service, Headquarters and Directorates

Buiséad

Ba é €336.163 milliún an buiséad bliantúil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann in 2012. Féach Aguisín 1 de Thuarascáil Airgeadais Sheirbhís Phríosúin na hÉireann do 2012.

Soláthar Foirne

Ag deireadh 2012 bhí 3,433 ball foirne i Seirbhís Phríosúin na hÉireann, lena n-áirítear gráid shibhialtacha agus foireann na ceanncheathrún.

Creatlach Reachtúil

Feidhmíonn an tSeirbhís Phríosúin faoi chreatlach reachtúil ina gcuimsítear:

- Achtanna na bPríosún, lena n-áirítear Acht na bPríosún, 2007;
- forálacha iomchuí i reachtanna eile mar Acht na bPríosún (Coistí Cuairte), 1925, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1960, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007, achtanna eile um cheartas coiriúil agus na hAchtanna um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995 agus 1997;
- na Rialacha um Rialú Príosún, 2007; agus
- an tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003.

Maidir le daoine a choinnítear ar chúiseanna a bhaineann le hinimirce, is iad na príomhfhorálacha reachtaíochta na hAchtanna Inimirce, 1999, 2003 agus 2004, na rialúcháin a bhaineann leo, an tAcht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000, agus Acht na nDídeanaithe, 1996.

Anuas air sin, tugann an tSeirbhís Phríosúin aird chuí ar chonarthaí, dearbhuithe, caighdeáin agus moltaí éagsúla idirnáisiúnta cearta daonna, lena n-áirítear:

- Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;
- an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine;
- Rialacha Caighdeánacha Íosta na Náisiún Aontaithe um Chóir a Chuirtear ar Phríosúnagh;
- na Rialacha Eorpacha Príosún, 2006;
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in Aghaidh Céastóireachta agus in Aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach;
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Sibhialta agus Polaitiúla; agus
- an Coinbhinsiún Eorpach um Chéastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc.

Tugann an tSeirbhís Phríosúin aird chuí chomh maith ar Thuarascálacha Chigire na bPríosún, agus féachfaidh sí le moltaí an Chigire a fheidhmiú.

Forfeidhmiú an Chláir don Rialtas

Mar ghníomhaireacht fheidhmiúcháin de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, tacaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann leis an Roinn chun na forálacha iomchuí de chuid an Chláir um Théarnamh Náisiúnta, 2011 – 2016 de chuid an rialtais a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear gealltanais chun:

- sábháilteacht a fheabhsú inár bpobail;
- riachtanais an phobail agus riachtanais íospartaigh na coireachta agus cearta na ndaoine a gcuirfear coir ina leith a chothromú;
- seirbhísí a sholáthar ar shlí inmharthana ar bhonn eacnamaíoch/laistigh den bhuiséad;
- comhoibriú tras-eagraíochta agus comhroinnt spriocanna idir gach eagraíocht dlí agus cirt agus comhionannais le Ranna agus gníomhaireachtaí eile a bhrú;
- cur le comharaíocht éifeachtach thras-fheidhme agus chomhghníomhaireachta, cuir i gcás, maidir le beartas sóisialta, leanaí, mí-úsáid substaintí agus saincheisteanna eile tras-rialtais;
- cur le tionscnamh athchóirithe an rialtais, “Oscailteacht Rialtais”;
- cur le héifeachtúlacht agus éifeachtacht fheabhsaithe eagraíochtúil, bainistíocht eolais agus seachadadh seirbhísí;
- leanúint den dlí coiriúil agus den dlí sibhialta a thabhairt cothrom le dáta.


Eastát na bPríosún

Príosúin na hÉireann

Tá 14 fhoras i gcóras príosúin na hÉireann, lena n-áirítear 11 fhoras traidisiúnta “dúnta”, dhá ionad oscailte, a fheidhmíonn le mionshlándáil inmheánach agus imlíneach, agus saoráid amháin “leath-oscailte” a bhfuil slándáil traidisiúnta imlíneach ach mionshlándáil inmheánach inti (An tAonad Oiliúna).

Tugtar cóiríocht d’fhormhór na bpríosúnach baineann sa Lárionad le Dóchas, agus tugtar cóiríocht don chuid eile i bPríosún Luimnigh.

Le linn 2012, le cuid de Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí a fheidhmiú, tugadh rialachas campas bhunaithe isteach i dtrí láthair – Campas Iarthar Bhaile Átha Cliath (Príosúin Pháirc na Cruithneachta agus Chnoc na Seamar), Campas Phort Laoise (Príosúin Phort Laoise agus an Láir Tíre) agus Campas Mhuinseo (Príosún Mhuinseo, Foras Naomh Pádraig, An Lárionad le Dóchas agus an tAonad Oiliúna).



Campas Phríosúin Iarthar Bhaile Átha Cliath

Gobharnóir I: Colm Barclay

Gobharnóir II: John Farrell

Príosún Pháirc na Cruithneachta

Bóthar Chnoc na Seamar

Cluain Dolcáin

Baile Átha Cliath 22

Gobharnóir III: Patrick Kavanagh

Toilleadh Oibriúcháin: 700 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 17 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún Pháirc na Cruithneachta**. Is é an príosún cimithe do Chontaetha Lú, na Mí, Mhuineacháin, Loch Gorman agus Chill Mhantáin agus is é an foras pionóis is mó sa Stát.

Líon na bPríosúnach: Ba é 687 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2012.

Príosún Chnoc na Seamar

Bóthar Chnoc na Seamar

Cluain Dolcáin

Baile Átha Cliath 22.

Gobharnóir III: Ronan Maher

Toilleadh Oibriúcháin: 431 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 17 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún Chnoc na Seamar**, a fhreastalaíonn go príomha ar phríosúnaigh atá ar athchur as ceantar Laighean.

Líon na bPríosúnach: Ba é 429 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2012.

Campas Phríosúin Phort Laoise

Gobharnóir I: Martin Mullen

Gobharnóir II: John Malone

Príosún Phort Laoise

Bóthar Bhaile Átha Cliath

Port Laoise

Co. Laoise.

Gobharnóir III: Ultan Moran

Toilleadh Oibriúcháin: 291 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún ardszlándála dúnta d'fhir atá 17 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún Phort Laoise**. Is é an príosún cimithe dóibh siúd arna gcur faoi choimeád ón Chúirt Choiriúil Speisialta, agus orthu siúd a dtugtar cóiríocht dóibh anseo tá na príosúnaigh sin a bhfuil baint acu le coiriúlacht threascrach.

Líon na bpríosúnach: Ba é 278 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2012.

Príosún an Láir Tíre

Bóthar Bhaile Átha Cliath

Port Laoise

Co. Laoise.

Gobharnóir III: Pat Dawson

Toilleadh Oibriúcháin: 900 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 17 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún an Láir Tíre**. Is é an príosún cimithe do Chontaetha Cheatharlach, Chill Dara, Chill Chainnigh, Laoise, Uíbh Fhailí agus na hIarmhí.

Líon na bpríosúnach: Ba é 616 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2012.

Campas Mhuinseo

Gobharnóir I: Edward Whelan

Gobharnóir II: Michael Lawton

Gobharnóir III: Greg Garland

Príosún Mhuinseo

An Cuarbhóthar Thuaidh

Baile Átha Cliath 7.

Toilleadh Oibriúcháin: 570 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 17 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún Mhuinseo**. Is é an príomhphríosún cimithe do chathair Bhaile Átha Cliath.

Líon na bpríosúnach: Ba é 603 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2012.

An tAonad Oiliúna

Paráid an Ghleanna Ghairbh

An Cuarbhóthar Thuaidh

Baile Átha Cliath 7.

Toilleadh Oibriúcháin: 116 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún ísealslándála leath-oscailte d’fhir atá 18 mbliana agus os a chionn is ea **An tAonad Oiliúna**, agus tá béim láidir ar an obair agus ar an oiliúint ann.

Líon na bPríosúnach: Ba é 116 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2012.

Foras Naomh Pádraig

An Cuarbhóthar Thuaidh

Baile Átha Cliath 7.

Gobharnóir III: Danny Robbins

Toilleadh Oibriúcháin: 217 príosúnach ag deireadh na bliana.

Ionad Coinneála meánslándála dúnta d’fhir atá idir 17 mbliana d’aois agus 21 bliain d’aois is ea **Foras Naomh Pádraig**, agus tá cóiríocht ar fáil ann do phríosúnaigh atá ar athchur agus do phríosúnaigh ar cuireadh pianbhreith orthu araon.

Líon na bPríosúnach: Ba é 204 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2012.

An Lárionad le Dóchas

An Cuarbhóthar Thuaidh

Baile Átha Cliath 7.

Gobharnóir III: Mary O’Connor

Toilleadh Oibriúcháin: 105 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta do mhná atá 18 mbliana d’aois agus os a chionn is ea **An Lárionad le Dóchas**. Is é an príosún cimithe do mhná arna gcimiú ar athchur nó arna ndaoradh as gach Cúirt lasmuigh de cheantar na Mumhan.

Líon na bPríosúnach: Ba é 124 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2012.

Príosún Chnoc an Arbhair

Cnoc an Arbhair

Baile Átha Cliath 7.

Gobharnóir: Liam Dowling

Toilleadh Oibriúcháin: 142 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d’fhir atá 17 mbliana d’aois agus os a chionn is ea **Príosún Chnoc an Arbhair**. Príosúnaigh ar cuireadh pianbhreith fhadtéarmach orthu atá ann tríd is tríd.

Líon na bPríosúnach: Ba é 146 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2012.

Príosún an Chaisleáin Riabhaigh

Cluain Salach

An Caisleán Riabhach

Co. Ros Comáin

Gobharnóir: Martin Reilly

Toilleadh Oibriúcháin: 351 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d’fhir atá 17 mbliana d’aois agus os a chionn is ea **Príosún an Chaisleáin Riabhaigh**. Is é an príosún cimithe do phríosúnaigh atá ar athchur agus príosúnaigh ar cuireadh pianbhreith orthu i gCúige Chonnacht, agus glactar le cimithe as Contaetha an Chabháin, Dhún na nGall agus an Longfoirt chomh maith.

Líon na bPríosúnach: Ba é 361 meánlíon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád in 2012.

Príosún Chorcaí

Bóthar na Rátha Móire

Cathair Chorcaí.

Gobharnóir: James Collins

Toilleadh Oibriúcháin: 250 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d’fhir atá 18 mbliana d’aois agus os a chionn is ea **Príosún Chorcaí**. Is é an príosún cimithe do Chontaetha Chorcaí, Chiarraí agus Phort Láirge.

Líon na bPríosúnach: Ba é 259 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2012.

Príosún Luimnigh

Sráid Mulgrave

Luimneach.

Gobharnóir: Éamonn Mullane

Toilleadh Oibriúcháin: 260 príosúnach (fireann) and 34 príosúnach (baineann) ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d’fhir agus do mhná atá 17 mbliana d’aois agus os a chionn is ea **Príosún Luimnigh**. Is é an príosún cimithe d’fhir do Chontaetha an Chláir, Luimnigh agus Thiobraid Árann, agus do mhná do gach ceann de shé chontae na Mumhan.

Líon na bPríosúnach: Ba é 261 fear agus 28 bean meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2012.

Teach an Locháin

An Blaic

Co. an Chabháin.

Gobharnóir: Ethel Gavin

Toilleadh Oibriúcháin: 140 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún ísealslándála oscailte d’fhir atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn a meastar go dteastaíonn leibhéil níos ísle slándála uathu is ea **Teach an Locháin**.

Líon na bPríosúnach: Ba é 104 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2012.

Mainistir Shelton

An tInbhear Mór

Co. Chill Mhantáin.

Gobharnóir: Conal Healy

Toilleadh Oibrúcháin: 115 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún ísealslándála oscailte d'fhir atá 19 mbliana d'aois agus os a chionn a meastar go dteastaíonn leibhéil níos ísle slándála uathu is ea **Mainistir Shelton**.

Líon na bPríosúnach: Ba é 102 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2012.

Aonaid Thacaíochta SPÉ

Rannóg na Seirbhísí Foirgníochta

Ionad Oiliúna & Forbartha SPÉ

Grúpa Tacaíochta Oibríocháin

Cór Coimhdeachta SPÉ

Gobharnóir: George Victory

Gobharnóir: John McGuckin

Gobharnóir: John Kavanagh

Gobharnóir: Conor Flynn

Tuarascáil Staitistiúil

Forbhreathnú – sracfhéachaint ar staitisticí 2012

Bhí 17,026 cimiú chun príosúin in 2012, laghdú de 1.7% ar iomlán 2011, 17,318.

Cuireadh 13,860 duine chun príosúin in 2012, i gcomparáid le 13,952 duine in 2011, a sheasann de laghdú de 0.7%. Orthu sin, fir ba ea 84.5% agus mná ba ea 15.5% díobh.

Cimithe le linn 2012

- Bhí méadú de 536 duine nó 4%, ar líon na ndaoine a cimíodh chun príosúin faoi phianbhreith in 2012 (13,526) i gcomparáid le 2011 (12,990).
- Tháinig laghdú de 27.5% ar líon na bpríosúnach arna gcimiú a raibh pianbhreith idir bliain is dhá bhliain á gcur isteach acu i gcomparáid le figiúr 2011 (636 príosúnach in 2011 go dtí 461 príosúnach in 2012).
- Tháinig ardú de 17.6% ar líon na bpríosúnach arna gcimiú a raibh pianbhreith idir a dó is a trí de bhlianta á gcur isteach acu i gcomparáid le figiúr 2011 (380 príosúnach in 2011 go dtí 447 príosúnach in 2012).
- Tháinig ardú de bheagnach 10% ar líon na gcimithe faoi phianbhreith níos lú ná 3 mhí i gcomparáid le figiúr 2011, i.e., ó 8,070 cimiú in 2011 go dtí 8,837 cimiú in 2012. Tá siad siúd a cimíodh chun príosúin de bharr nár íoc siad fíneáil a d'ordaigh an chúirt, curtha san áireamh sa chatagóir seo, figiúr a d'ardaigh 10.5% in 2012 i gcomparáid le figiúr 2011, i.e., ó 7,514 cimiú in 2011 go dtí 8,304 cimiú in 2012.

Daoine arna gcoinneáil faoi Dhlíthe Inimirce


In 2012 bhí 400 cimiú maidir le saincheisteanna inimirce a bhain le 385 coinneálaí. Is ionann é seo is laghdú beag i gcomparáid le figiúirí na bliana roimhe sin (423 cimiú a bhain le 395 coinneálaí). Ba é ochtar meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád sa chatagóir seo.

Roghbhlúire de líon na bpríosúnach an 30 Samhain 2012.

- Tá líon iomlán na ndaoine faoi choimeád gan athrú a bheag nó a mhór, agus is ionannas le laghdú de 0.3% é figiúr 2012 (4,298 duine) i gcomparáid le figiúr 2011 (4,313 duine).
- Bhí 305 príosúnach (8.2%) ag cur isteach pianbhreitheanna saoil, agus bhí 290 príosúnach eile (7.8%) ag cur isteach pianbhreitheanna aontrátha a bhí 10 mbliana nó níos mó.
- Bhí 40 ciontóir ag cur isteach pianbhreitheanna a bhí níos lú ná 3 mhí, atá in ionannas le 1.1% de líon iomlán na bpríosúnach faoi choimeád. Bhí 18 duine i bpríosún faoi nár íoc siad fíneáil, atá in ionannas le 0.5% de líon iomlán na bpríosúnach faoi choimeád.

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann

Ba é €65,404 an meánchostas a bhí ar áit phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann le linn na bliana 2012, ardú beag ar an gcostas de €65,359 a bhain le 2011.



Fíor 3. Treochtaí maidir le cimithe 2008 - 2012

Líon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád


Ba é 4,318 duine meánlíon laethúil iomlán na bpríosúnach faoi choimeád in 2012, i gcomparáid le 4,390 duine in 2011.

Ba é 152 duine meánlíon na bpríosúnach baineann faoi choimeád, laghdú de 5% i gcomparáid le 160 duine ar an meán in 2011.


Roghbhlúire de líon na bpríosúnach ar 30 Samhain 2012

An 30 Samhain 2012 ba é 4,298 duine líon iomlán na ndaoine faoi choimeád, lenár áiríodh:

- 567 príosúnach ar athchur / ar a dtriail
- 21 coinneálaithe inimirce
- 60 príosúnach treascrach
- 18 príosúnach fíneála
- 889 príosúnach cosanta




Fíor 4. Forbhreathnú ar líon na bpríosúnach: roghbhlúire an 30 Samhain 2012




Fíor 5. Forbhreathnú ar líon na bpríosúnach faoi choimeád: roghbhlúire an 30 Samhain 2012

Seirbhís Phríosúin na hÉireann – Tuarascáil Bhliantúil 2012



Fíor 6. Fad pianbhreithe na bpríosúnach: roghbhlúire an 30 Samhain 2012

- GP1 Cionta Dúnbhásaithe
- GP2 Cionta Gnéasacha
- GP3 Iarrachtaí / Bagairtí ar Dhúnmharú, lonsuithe, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara
- GP4 Gníomhartha Dainséaracha nó Faillíocha
- GP5 Fuadach agus Cionta Gaolmhara
- GP6 Robáil, Sracaireacht agus Cionta Urghabhála
- GP7 Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara
- GP8 Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara
- GP9 Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara
- GP10 Cionta um Dhrugaí Rialaithe
- GP11 Cionta Arm agus Pléascán
- GP12 Damáiste do Mhaoín agus don Chomhshaol
- GP13 Cionta Oird Phoiblí agus Cóid Shóisialta
- GP14 Cionta Bóthair agus Tráchta
- GP15 Cionta in aghaidh an Rialtais, Nósanna Imea Ceartais agus Coireacht Eagraithe
- GP16 Cionta nach rangaítear faoi theideal eile



Fíor 7. Cionghrúpa na bpríosúnach: roghbhlúire ar 30 Samhain 2012


Líon na ndaoine arna gcimiú chun príosúin in 2012

Bhain an 17,026 cimiú le 13,860 duine. Baineann an figiúr seo le daoine nua-chimithe (i.e. nach raibh ar athchur cheana féin nó ag cur isteach pianbhreithe eile). Tá sé seo in ionannas le laghdú de 0.7% i gcomparáid le figiúr iomlán 2011, 13,952 duine.


Tá iomlán na gcimithe chun príosúin, 17,026 cimiú, i gcomparáid le 17,318 cimiú in 2011, in ionannas le laghdú de 1.7%.

Ar an 17,026 cimiú sin bhí:

- 12,991 cimiú faoi phianbhreith,
- 3,632 cimiú ar athchur,
- 400 cimiú faoi dhlí na hinimirce agus
- 3 chimiú as díspeagadh cúirte.



Fíor 8. Aois agus Inscne na ndaoine arna gcimiú chun príosúin in 2012



Fíor 9. Cimithe le linn 2012 arna rangú de réir chineál an chimithe agus inscne

Contae Dúchais agus Tír Dhúchais na ndaoine arna gcimiú chun príosúin

As na daoine ar fad a cimiódh luaigh beagnach an tríú cuid acu (31.5%) gurb é Baile Átha Cliath an contae inár chónaigh siad. Ba iad Corcaigh (13.4%), Luimneach (6.4%) agus Tiobraid Árann (3.6%) na contaetha ba mhó a luadh i ndiaidh Bhaile Átha Cliath.

As na 13,860 duine ar fad a cimiódh, Éireannaigh ba ea 11,335 duine díobh (81.8%), méadú de 72 duine nó 0.6% i gcomparáid le figiúr 2011, 11,263.

Náisiúnaigh ó bhallstáit eile de chuid an Aontais Eorpaigh (nach Éireannaigh iad) ba ea 1,611 (11.6%) de na daoine a cimiódh. Náisiúnaigh Eorpacha eile ba ea 128 duine díobh (0.9%), náisiúnaigh Afraiceacha ba ea 317 duine díobh (2.3%), náisiúnaigh Áiseacha ba ea 342 duine díobh (2.5%), agus náisiúnaigh Mheiriceá Láir agus Theas ba ea 85 duine díobh (0.6%).

Tá miondealú de réir contae cónaithe ar fáil ar ár suíomh gréasáin: www.irishprisons.ie

Cimithe faoi Phianbhreith

Bhí 12,991 cimiú díreach faoi phianbhreith in 2012. Nuair a chuirtear leis sin 535 príosúnach, a bhí faoi choimeád cheana féin ag tús na bliana ar athchur/ag fanacht ar thriail agus a cimíodh ina dhiaidh sin, is é 13,526 líon iomlán na bpríosúnach in 2012 ar glacadh leo ar chiontú dóibh.

Fad pianbhreithe

Bhí méadú de 4% (536 duine) ar líon na ndaoine a cimíodh chun príosúin faoi phianbhreith in 2012 (iomlán de 13,526) i gcomparáid le figiúr 2011 (12,990).



Fíor 10. Forbhreathnú ar chimithe le linn 2012

Seirbhís Phríosúin na hÉireann – Tuarascáil Bhliantúil 2012

GP1 Cionta Dúnbhásaithe

GP2 Cionta Gnéasacha

GP3 Iarrachtaí / Bagairtí ar Dhúnmharú, lonsuithe, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara

GP4 Gníomhartha Dainséaracha nó Faillíocha

GP5 Fuadach agus Cionta Gaolmhara

GP6 Robáil, Sracaireacht agus Cionta Urghabhála

GP7 Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara

GP8 Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara

GP9 Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara

GP10 Cionta um Dhrugaí Rialaithe

GP11 Cionta Arm agus Pléascán

GP12 Damáiste do Mhaoin agus don Chomhshaol


GP13 Cionta Oird Phoiblí agus Cóid Shóisialta

GP14 Cionta Bóthair agus Tráchta


GP15 Cionta in aghaidh an Rialtais, Nósanna Imeachta

Ceartais agus Coireacht Eagraithe


GP16 Cionta nach rangaítear faoi theideal eile



Fíor 11. Cimithe faoi phianbhreith le linn 2012 de réir cionghrúpa



Fíor 12. Cimithe faoi phianbhreith le linn 2012 de réir fhad na pianbhreithe



Fíor 13. Cimithe faoi phianbhreith le linn 2012 de réir aoisghrúpa

In 2012 bhí méadú de 10.5% ar líon na gcimithe – ar chimithe iad nár íoc fineáil a d’ordaigh an chúirt – i gcomparáid le figiúr 2011, i.e., ó 7,514 cimiú in 2011 go dtí 8,304 cimiú in 2012.

As na cimithe seo, príosúnaigh bhaineanna ba ea 1,687 duine acu, agus príosúnaigh fhireanna ba ea 6,617 duine acu. Cimíodh 22 féichiúntaí (fir ar fad) le linn na bliana.

Tá tuilleadh eolas staidrimh ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.irishprisons.ie

Cuspóirí Straitéiseacha

Sheol an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Cosanta, An tUas. Alan Shatter, T.D. an Plean nua Straitéasach Trí Bliana do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann an 30 Aibreán 2012.

Rinneadh forbairt ar an Ráiteas Straitéise i gcomhar lenár bhfoireann sa cheanncheathrú, iad siúd atá lonnaithe sna príosúin agus in áiteanna eile. Tugadh faoi phróiseas leathan comhairleoireachta chomh maith leis na páirtithe leasmhara cuí ar fad sa chóras coiriúil dlí agus cirt agus lasmuigh dó sin.

Is iad na cuspóirí ardleibhéal uileghabhálacha atá ina mbuntaca ag ár ngníomhartha straitéiseacha ná:

- Sábháilteacht an phobail a neartú trí choimeád sábháilte a chur ar fáil dóibh siúd arna gcimiú ag na Cúirteanna, trí cur chuige ilghníomhaireachta do chiontóirí a fhorbairt ar mhaithe leis an mbaol atá ann go ndéanfaidh siad coir eile a laghdú agus athshlánú na bpríosúnach a fheabhsú.
- Comhlíonadh na hÉireann le hoibleagáidí cearta daonna náisiúnta agus idirnáisiúnta agus dea-chleachtais a chinntiú.
- Leasuithe a chur ar fáil agus athruithe a chur i bhfeidhm faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí agus an Plean Athchóirithe Comhtháite don Earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tá ról an-tábhachtach ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun coimeád slán, sábháilte a chur ar fáil dóibh siúd ar fad arna gcimiú ag na Cúirteanna. Is é ról na Seirbhíse chomh maith plé le príosúnaigh ciontaithe ar bhealach réalaíoch, fóinteach ar mhaithe leis an seans go ndéanfaidh siad coireanna eile a laghdú agus lena lánpháirtíocht i measc an tsochaí arís a fheabhsú, agus dá réir ag cur le sábháilteacht an phobail agus atitimeachas a laghdú agus ag an am céanna ag cinntiú go gcuireann daoine ciontaithe isteach ceart na pianbhreitheanna a gearradh orthu agus nach é an toradh a bheidh ar chinntí a déantar faoi phríosúnaigh faoina gcúram, go mbeidh aon chontúirt/baol ar an mórfhobal nach bhfuil gá leis.

Tá na sé ghníomhartha straitéiseacha sa Straitéis bunaithe ar:

- Líon na bpríosúnach
- Dul chun cinn na bpríosúnach
- Cláir do phríosúnaigh
- Bainistíocht agus Foireann
- Eastát na bPríosún, agus
- Reachtaíocht do Phríosúin a Dhaingniú

Trí fheidhmiú na ngníomhartha seo táthar ag iarraidh a chinntiú go bhfuil an tSeirbhís ag cloí lena bhfreagrachtaí bunúsacha mar ghné ríthábhachtach den chóras dlí coiriúil.

Ag leibhéal praiticiúil, bainfear amach na cuspóirí seo nuair a thógfaidh an tSeirbhís roinnt gníomhartha ar leith atá foilsithe i bpleananna gníomhartha bliantúla. Tugtar eolas sa chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil faoin dul chun cinn a rinneadh ar Phlean Feidhmithe Bliain 1 ag deireadh na bliana 2012.

Gníomhartha stráitéiseacha

1. Líon na bpríosúnach

Beimid ag iarraidh an toilleadh sna príosúin a ailíniú leis na treoirlínte atá leagtha síos ag Cigire na bPríosún fad is go bhfuil sé comhoiriúnach le sábháilteacht an phobail agus le hionracas an chórais dlí choiriúil. Cinnteoidimid go gcuirtear príosúnaigh a scaoiltear amach luath as príosún ar chlár chuí struchtúrtha do dhaoine atá á scaoileadh amach as príosún go sealadach.

2. Dul chun cinn na bpríosúnach

Déanfaimid athinnealtóireacht ar ár gcóras príosún le feidhm a thabhairt do na prionsabail lena n-áirítear, normalú, dul chun cinn agus athimeascadh. Cuirfimid deireadh le coiméad leanaí i bhForas Naomh Pádraig i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus páirtithe leasmhara cuí eile.

3. Cláir do Phríosúnaigh

Oibreoidimid le bainistiú pianbhreitheanna réamh-phríosúnachta agus iar-phríosúnachta a fheabhsú ar shlí a chuirfidh toradh feabhsaithe do phríosúnaigh ar fáil trí rannpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile stáit, le n-áirítear an tSeirbhís Phromhaidh, agus earnálacha pobail agus deonacha. Leagfaimid amach stráitéiseacha áirithe do phríosúnaigh níos óige, mná, príosúnaigh níos sine, ciontóirí gnéis, príosúnaigh cosanta, ciontóirí foréigneacha agus dóibh siúd atá ag fulaingt le meabhairghalar. Tógfaimid agus cuirfimid feabhas ar na cláir agus seirbhísí reatha, lena n-áirítear oideachas agus gairmoiliúint creidiúnaithe.

4. Bainistíocht agus Foireann

Cuirfimid i bhfeidhm forálacha Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus an Phlean Athchóirithe Comhtháite don Earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun ceadú seirbhísí poiblí den scoth a chur ar fáil agus na costais laghdaithe agus éifeachtúlachtaí is gá a chur ar fáil chomh maith. Déanfaimid athbhreithniú ar ár struchtúr bainistíochta agus foirne lena chinntiú go mbeidh éifeachtúlacht níos fearr agus freagracht agus cumarsáid níos láidre ar fud na Seirbhíse.

5. Eastát na bPríosún

Cuirfimid i bhfeidhm plean caipitiúil 40 mí chun sláintíocht a chur isteach sna na cillíní ar fad agus feabhas ó bhonn a chur ar choinníollacha príosúin sna na seanpháirteanna d'eastát na bpríosún.

6. Reachtaíocht do Phríosúin a Dhaingniú

Oibreoidimid leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaca le dlí príosúin a dhaingniú agus athráiteas a dhéanamh faoi i dtéarmaí soiléire a bhfuil fáil orthu.

Plean Stráitéiseach SPÉ – Cur i bhfeidhm Phlean Bhliain 1

Aibreán 2012 go Nollaig 2012 Tuairisc chun Dáta

Gníomh Stráitéisach 1: Líon na bPríosúnach

Gníomh 1.1 Plódú fadtéarmach a laghdú i Muinseo, Corcaigh, Luimneach agus An Lárionad le Dóchas

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Muinseo – tá an toilleadh leapacha ailínithe leis an fhigiúr a bhí molta ag Cigire na bPríosún. Tá athchóiriú iomlán déanta ar Ranna B agus C agus tá siad ag feidhmiú mar chóiríocht nach bhfuil iontu ach aon chillín amháin agus tá sláintíocht i ngach cillín. Tá Aonad Cimithe tiomnaithe bunaithe chomh maith.

Corcaigh – tá an toilleadh leapacha á laghdú ó 290 go 210.

Luimneach – tá an toilleadh leapacha á laghdú ó 290 go 220.

An Lárionad le Dóchas – d'ardaigh an toilleadh leapacha ó 85 go 105 nuair a cuireadh cóiríocht nua ar fáil ansin agus tá ailíniú déanta leis an fhigiúr a mhol Cigire na bPríosún.

Príosún an Láir Tíre – tá an bloc nua a thosaigh ag feidhmiú i nDeireadh Fómhair 2012 ag cuidiú le príosúin Luimnigh agus Chorcaí a choinneáil ag feidhmiú ag nó faoin leibhéal toilleadh leapacha atá iontu faoi seach.

Gníomh 1.2 Feidhmiú céimneach náisiúnta den Chlár Fillte ar an Phobal

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Comhlíonta

Gníomh 1.3 Comhshocruithe cistithe agus foirne chun líon na gclár struchtúrtha atá ar fáil sa phobal a uasmhéadú.

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Comhlíonta

Gníomh stráitéiseach 2: Dul chun cinn na bPríosúnach

Gníomh 2.1 Athbhreithniú bunúsach ar struchtúir champas na bpríosún/príosúin aonaracha i dtéarmaí feidhmithe agus cláir inmheánacha faoi dhul chun cinn na bpríosúnach.

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Tá Struchtúir nua Bhainistíochta Campais tugtha isteach i Muinseo, in Iarthar Bhaile Átha Cliath agus i bPort Laoise. Tá cainteanna ag leanúint ar aghaidh le hOifig an Ard-Aighne, gníomhaireachtaí eile dlí agus cirt agus an Roinn faoi na hathruithe reachtaíochta a theastaíonn le héifeachtúlachtaí oibriúcháin ar gach campas a chinntiú. Ar chuid de na héifeachtúlachtaí oibriúcháin atá á gcóradh tá: aonad amháin cimithe in aghaidh gach campas, aonad amháin cimithe do mhórchéantar Bhaile Átha Cliath (san oíche agus ar an deireadh seachtaine araon) agus comhaontú le gníomhaireachtaí eile faoi amanna i leith cimithe.

Gníomh 2.2 Cleachtais mheasúnaithe chuí ar chimithe a thabhairt isteach

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Tá forbairt déanta ar Pholasaí Cimithe agus tabharfar isteach é go luach sa bhliain 2013.

Gníomh 2.3 Aonaid chimithe thiomanta a thabhairt isteach i ngach príosún cimithe

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Tá aonaid chimithe i bhfeidhm i Muinseo, i bPríosún an Láir Tíre, i bhForas Naomh Pádraig agus i gCnoc na Seamar agus i gCorcaigh agus i Luimneach ar bhonn sealadach nó go mbeidh saoráidí nua tógtha ansin.

Tá Aonaid Chimithe le teacht i bhfeidhm sa Chaisleán Riabhach, sa Lárionad le Dóchas agus i bPáirc na Cruithneachta le linn 2013.

Gníomh Stráitéiseach 3: Cláir do phríosúnaigh

Gníomh 3.1 Pleanáil phianbhreitheanna a fheabhsú lena n-áirítear Bainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Bhí 1,100 príosúnach nua rannpháirteach in BPC in 2012. Tá comhordaitheoirí BPC ag feidhmiú anois i seacht as na ceathair déag foras.

Gníomh 3.2 Feidhmiú céimneach náisiúnta ar Bheartas Réimeas Dreasaithe agus córaspholasaí dreasaithe aonarach a thabhairt isteach i ngach príosún.

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Comhlíonta

Stráitéisí Sonracha a Fhorbairt

Gníomh 3.3 Stráitéis do phríosúnaigh níos óige

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Tá bailchríoch á cur ar phlean cumsitheach, ilghnéitheach, sonraithe faoi láthair chun an t-athrú cultúir a theastaíonn i bhForas Naomh Pádraig a thabhairt isteach. Tá roinnt beartas anseo, cuid mhaith atá tugtha isteach cheana féin lena n-áirítear struchtúir nua bhainistíochta, bainistíocht mhaoirseachta fheabhsaithe, cleachtais nua chun gearáin a fhiosrú, treoirlínte chun smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, srl.

I gcroílár an phlean táthar ag iarraidh samhail choinneála cúraim leanaí a thabhairt isteach atá le baint amach nuair a chuirfear foireann ó Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig i bhForas Naomh Pádraig agus trí oiliúint níos fearr a chur ar an mbainistíocht agus ar an fhoireann ar fad sa fhoras. Cuirfear tuilleadh feabhais ar an bplean nuair a dhéanfar feidhmiú céimneach áitiúil ar thionscnaimh náisiúnta ar nós Children First agus an Tionscnamh Dínite ag an Obair.

Gníomh 3.4 Stráitéis do phríosúnaigh baineanna

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Tionóladh cruinniú ilghníomhaireachta ina raibh earnálacha stáit agus deonacha araon. Tá plean gnímh stráitéiseach réitithe agus grúpa oibriúcháin bunaithe. Tá maoin Stáit sannta chun freagra struchtúrtha a éascú do na riachtanais a bhíonn ag mná leochaileacha. Thosaigh Ionad Oiliúna agus Forbartha Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ag forbairt cláir “ag oibriú le príosúnaigh baineanna” don fhoireann ag obair sa Lárionad le Dóchas agus i Luimneach.

Gníomh 3.5 Stráitéis do phríosúnaigh níos sine

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Agus aitheantas á thabhairt do na riachtanais shonracha a bhíonn ag daoine níos sine faoi choimeád aontaíodh agus feidhmíodh teimpléad de phlean cúram altrachta. Tá plean gníomhach cúram altrachta ag gach príosúnach atá os cionn 60 mbliana, ina n-aithnítear na riachtanais shonracha atá acu. Tugann an próiseas pleanála cúram seo cúnamh d'oibrithe cúram sláinte saincheisteanna sonracha na n-othar a aithint agus iarchúram éifeachtach a shocrú dóibh nuair a scaoiltear amach as príosún iad.

Gníomh 3.6 Stráitéis do Chiontóirí Gnéis

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag cinntiú i gcónaí go ndéantar gach iarracht cuí le n-oibriú le ciontóirí gnéis lena chinntiú go laghdaítear an baol chomh mór agus is féidir go ndéanfaidh siad coireanna eile tar éis iad bheith scaoilte saor as príosún agus go dtugtar tacaíocht dóibh le hathimeascadh i measc an phobail. Tá Comhghrúpa Oibre ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann/an tSeirbhís Phromhaidh bunaithe chun baol agus saincheisteanna ábharacha de choir na gciontóirí gnéis a athbhreithniú. Aithníodh go forleathan an gá criticiúil chun freagra éifeachtach bainistithe a chur ar fáil d'fhir a chimítear as coireanna gnéis, go háirithe iad siúd a bhfuil baol níos mó ann go ndéanfaidh siad an choir chéanna arís agus déanfaidh an grúpa iarracht beartais a aithint chun ciontóirí gnéis a chur ag plé le teiripe dírithe ar an gcoir a rinne siad.

Gníomh 3.7 Stráitéis do Phríosúnaigh a dteastaíonn cosaint uathu

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Tá an obair a bhaineann le forbairt a dhéanamh ar an stráitéis ag leanúint ar aghaidh.

Gníomh 3.8 Infheistíocht Tionchair Shóisialta

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Tá ionadaíocht ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar Ghrúpa Stiúrtha idir-rannach a bhunaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Meán Fómhair 2012. Tá an comh-mholadh ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus ón tSeirbhís Phromhaidh beagnach críochnaithe.

Gníomh 3.9 Cleachtais phíolótacha ceartas aisiríoch

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Aithníodh deiseanna cleachtaidh aisiríocha i ngach ionad píolótach (An Lárionad le Dóchas agus Príosún Pháirc na Cruithneachta). Tá stráitéis oiliúna tugtha isteach agus tá bainisteoirí feidhmithe roghnaithe i ngach ionad píolótach. Tá Plean Feidhmithe aontaithe don dá ionad.

Gníomh 3.10 Forbairt agus feabhas leanúnach ar sheirbhís drugaí lena n-áirítear athbhreithniú ar Bheartas Cóireála Drugaí Cliniciúla Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Rinneadh athbhreithniú agus leasuithe ar Pholasaí Cóireála Drugaí Cliniciúla Sheirbhís Phríosúin na hÉireann le linn 2012 chun treoirínite dea-chleachtais agus athruithe i gcleachtais sa phobal a léiriú. Bhain an obair seo le comhairliúchán le soláthróirí seirbhísí cóireála drugaí sa phríosún agus sa mórpobal. Faoin gcomhoibriú seo cuireadh sraith polasaithe láidre ar fáil chun treoir a thabhairt faoi sheirbhís drugaí a sholáthar i suíomh príosúin agus chun cúram leanúnach a chinntiú sa phobal nuair a scaoiltear daoine saor as príosún.

Gníomh 3.11 Aonaid Saor ó Dhrugaí a thabhairt isteach i ngach príosún, seirbhísí cóireála drugaí a forbairt go leanúnach agus beartais fheabhsaithe le soláthairtí a laghdú.

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Tá Aonaid Saor ó Dhrugaí ag feidhmiú in 4 phríosún dúnta. Tá pleananna sa tsiúl chun seirbhísí cóireála drugaí a forbairt sa Aonad Leighis agus Aonad Oiliúna ar Champas Mhuinseo sa chéad leath den bhliain 2013.

Gníomh 3.12 Áiseanna caighdeánacha iniúchta chun coibhéis cúram sláinte a thomhais.

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Tá Grúpa Iniúchta bunaithe agus tá an chéad tionscadal aitheanta agus baint aige le gníomhaireacht sheachtrach.

Gníomh stráitéiseach 4: Bainistíocht agus Foireann

Gníomh 4.1 Comhaontú na Seirbhíse Poiblí a Fheidhmiú

- Foireann Feidhmithe a Bhunú
- Athbhreithniú ar Chomhthascanna a Chríochnú
- Pleananna Feidhmithe
- Comhoibriú tras-ghníomhaireachta feabhsaithe

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2012 a raibh coigilteas de thart ar €6 mhilliún mar thoradh air.

Tá Tuarascáil faoin Dul Chun Cinn i bhFeidhmiú Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí i Seirbhís Phríosúin na hÉireann in Aguisín 2.

Gníomh 4.2 Athstruchtúrú Bainistíochta agus Foirne

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Mar chuid d'fheidhmiú Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí tugadh isteach rialachas campas bhunaithe i dtrí láthair – Campas Iarthar Bhaile Átha Cliath (Príosún Pháirc na Cruithneachta agus Príosún Chnoc na Seamar), Campas Phort Laoise (Príosún Phort Laoise agus Príosún an Láir Tíre) agus Campas Mhuinseo (Príosún Mhuinseo, Foras Naomh Pádraig, An Lárionad le Dóchas agus an tAonad Oiliúna). Tá sé seo ag giniúint coigiltis de thart ar €2 mhilliún sa bhliain ag leibhéil sinsearachta agus ag meánleibhéil bhainistíochta.

Tá sé aontaithe 142 Oifigeach Príosúin lán-oilte (Gráid Cléireach 1 agus Cléireach 2) a scaoileadh ó thascanna riaracháin chun dualgaís oifigeach príosúin líne thosaigh a chomhlíonadh trí ghráid nua d'Oifigigh Riaracháin agus Tacaíochta a thabhairt dóibh ina n-áit. Cuirfidh tabhairt isteach an ghráid nua seo coigilteas de €3.5 milliún ar fáil i ndeireadh na dála.

Gníomh 4.3 Aonad Caighdeáin Ghairmiúla agus Díl a Bhunú

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Comhlíonta

Gníomh 4.4 Cairt do Dhínit ag an Obair agus feachtas measa agus dínite i ngach príosún a sheoladh

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Thionóil an tArd-Stiúrthóir Grúpa Stiúrtha do Dhínit ag an Obair, chun Cairt do Dhínit ag an Obair a thabhairt isteach ar mhaithe lena chinntiú gur áit é an timpeallacht oibre go gcaitear le gach duine le dínit agus le meas ag gach am. D'aithin an Grúpa Stiúrtha gur theastaigh Grúpaí Fócais le haiseolas a fháil ón fhoireann faoi na príomhdhúshláin atá ag an chlár agus na bealaí is mó éifeachta le hiad a shárú. Thosaigh na Grúpaí Fócais seo i Samhain 2012 agus tá siad le bheith críochnaithe faoi dheireadh Feabhra 2013. Ghníomhaigh Jacinta Kitt Uas. agus Sue Corbett Uas. mar áisitheoirí seachtracha don phróiseas.

Tá na háisitheoirí le tuarascáil chríochnúil ar a gcuid torthaí a chur ar fáil agus cuirfear plean gnímh sonraithe le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a haithníodh. Táthar ag súil go gcuirfear tús le feidhmiú an phlean gnímh faoi lár na bliana 2013.

Gníomh stráitéiseach 5: Eastát na bPríosún

Plean Caiteachais Caipitiúil 2012-2016

Gníomh 5.1 Críochnú chéim bhreithmheasa don tionscadal chun teacht in áit Phríosún Chorcaí

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Comhlíonta

Ceadaiódh an cás gnó chun príosún nua a sholáthar i gCorcaigh i mí Iúil. Ina dhiaidh sin, rinneadh forbairt ar dheardh molta don saoráid nua agus a bheidh mar chuid den cháipéis tairisceana. I gcomhar le forbairt an dearaidh, críochnaíodh próiseas comhairliúcháin poiblí agus tógadh na chéad chéimeanna chun cead pleanála a fháil ón Oireachtas.

Táthar ag súil go dtosóidh an fhoirgníocht i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2013 agus táthar ag súil go mbeidh an príosún ag feidhmiú in Nollaig 2015.

Gníomh 5.2 Críochnú chéim bhreithmheasa don tionscadal le teacht in áit Eití A agus B i Luimneach

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Comhlíonta

Rinneadh staidéar féidireachta i lár 2012 chun na roghanna fadtéarmacha éagsúla faoi fhorbairt Phríosún Luimnigh a fhiosrú. Ceapadh comhairleoirí i mí Iúil 2012 chun na roghanna féideartha a athscagadh ina mholadh dearaidh aontaithe (tar éis dréachtanna ó na páirtithe leasmhara ar fad), tairiscintí a réiteach agus maoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal foirgníochta.

Gníomh 5.3 Críochnú Bhloc Cillíní i bPríosún an Láir Tíre

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Críochnaithe

Críochnaíodh an bloc cillíní, lena n-áirítear os cionn 300 spás agus cistin nua ina bhfuil toilleadh lónadóireachta do 1000 duine agus saoráidí fairsing oiliúna oibre/oideachais, agus bhí sé ag feidhmiú in Meán Fómhair 2012. De réir a chéile a chuaigh na chéad phríosúnaigh isteach sa bhloc nua in Deireadh Fómhair 2012 agus faoi dheireadh na bliana bhí os cionn 100 príosúnach lonnaithe sa saoráid nua.

Gníomh 5.4 Críochnú Thionscadal Athchóirithe Eite B Mhuinseo

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Críochnaithe

Críochnaíodh athchóiriú iomlán ar Eite “B” i bPríosún Mhuinseo in am in 2012. I measc buntáistí eile, chuir an t-athchóiriú sláintíocht ar fáil in 95 cillín nach raibh a leithéid ar fáil iontu roimhe sin. Seo céim shuntasach i dtreo ár gcuaspóir le cosc a chur ar fhualáin a fholmhú inár bpríosún faoi dheireadh 2015.

Gníomh 5.5 Tosú ar Fhorbairt Theach Chluain Salach, Príosún an Chaisleáin Riabhaigh

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Comhlíonta

Thosaigh athchóiriú Theach Chluain Salach – maoin ina bhfuil 22 seomra le taobh Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh i Samhain 2012. Nuair a bheidh sé críochnaithe in Earrach 2013 cuirfear ar fáil saoráid ísealslándála do suas le 18 príosúnach sula mbeidh siad le scaoileadh saor as príosún.

Gníomh 5.6 Tosú Thionscadal Athchóirithe Eite A Phríosún Mhuinseo

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Comhlíonta

Cuireadh tús le hathchóiriú iomlán ar eite “A” i bPríosún Mhuinseo in Nollaig.

Cuirfidh an tionscadal seo eite iomlán nua-aimseartha ar fáil ina mbeidh sláintíocht i ngach cillín.

Gníomh 5.7 Tosú tairiscintí d’Ilthionscadail ag Cnoc na Seamar agus ag Teach an Locháin

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Críochnaithe

Cuireadh amach ar tairiscint an dá thionscadal seo i ndeireadh na bliana 2012.

Gníomh stráitéiseach 6: Reachtaíocht do Phríosúin a Dhaingniú

Gníomh 6.1 Réimsí a aithint a dteastaíonn rialú reachtaíochta uathu i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Déantar maoirseacht ar fhorbairtí ag leibhéal idirnáisiúnta agus cuirtear comhairle ar Stiúrthóireachtaí faoi aon ionstraimí nua a bhféadfadh reachtaíocht nua teastáil uathu.

Gníomh 6.2 Aon leasuithe reachtaíochta a aithint a theastaíonn chun feidhm a thabhairt do ghealltanais Chlár Rialtais i dtaobh loghtha

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012 Leanúnach

Tá an tAthbhreithnú Polasaí Pionóis a bunaíodh in Meán Fómhair 2012 ag tabhairt aghaidh ar an saincheist seo agus tá súil le tuarascáil uathu in Meán Fómhair 2013.

Aguisíní

Aguisín I

Tuarascáil Bhliantúil 2012

Athbhreithniú Airgeadais

Ba é €334.573 milliún ollchaiteachas iomlán Sheirbhís Phríosúin na hÉireann in 2012 agus ba é €316.805 milliún an glanchaiteachas, €1 milliún laistigh den ghlanbhuiséad. Caiteachas pá a bhí i mbeagnach 71% de chaiteachas iomlán Sheirbhís Phríosúin na hÉireann in 2012.

Lasmuigh den phá, is iad Caiteachas Caipitiúil agus soláthar Seirbhísí Príosúin an dá réimse is suntasaí caiteachais.

- Ba shuntasach an infheistíocht chaipitiúil le linn 2012: soláthraíodh cóiríocht fheabsaithe agus saoráidí feabhsaithe ar fud an eastáit phríosúin agus go háirithe, críochnaíodh an bloc nua cóiríochta i bPríosún an Láir Tíre agus an t-athchóiriú ag Bloc B Mhuinseo.
- Tháinig ardú de 6% ar an gcostas a bhí le Seirbhísí Príosúin a sholáthar in 2012.

Seirbhís Phríosúin na hÉireann 2012: Caiteachas agus Ioncam

Seirbhís Phríosúin na hÉireann 2012: Foráil Bhuiséadach agus Caiteachas Iarbhír

	2011 Caiteachas Iarbhír €000	2012 Foráil Mheasta €000	2012 Caiteachas Iarbhír* €000
Riarachán			
A.1 - Tuarastail, Pá agus Liúntais	242,728	239,705	237,807
A.2. (ii) - Taisteal agus Cothú	2,163	2,016	2,005
A.2. (iii) - Costais Theagmhachas	3,962	7,650	3,641
A.2. (iv) - Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	2,814	3,000	2,752
A.2. (v) - Trealamh Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige	4,368	4,980	5,234
A.2. (vi) - Seirbhísí Comhairleachta & Athbhreithnithe Beartais LAA	60	140	0
Seirbhísí Eile			
A.3 - Foirgnimh agus Trealamh	47,181	33,752	35,371
A.4 - Seirbhísí Príosúin, srl.	40,086	39,016	42,504
A.5 - Roinn Déantúsaíochta agus an Fheirm	715	629	697
A.6 - An tSeirbhís Phromhaidh – Seirbhísí do Chiontóirí	0	0	0
A.7 - Seirbhísí Oideachais	1,240	1,265	1,234
A.8 - Oifig Phríosúin, Cumann Árachas Sláinte (Deontas i gCabhair)	0	0	0
A.9 - Cúiteamh	2,869	3,260	3,270
A.10 - Bearta Míbhuntáistí Sóisialta (Cuntais Dhíomhaoine)	229	750	58
Ollchaiteachas Iomlán	348,415	336,163	334,573
J - Leithghabháil i gCabhair (Admhálacha)	18,266	18,348	17,768
Glanchaiteachas Iomlán	330,149	317,815	316,805

* Tá na figiúirí seo faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Bainistíocht Airgeadais

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann

Ba é €65,404 an meánchostas a bhain le háit a sholáthar i bpríosún a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann le linn na bliana féilire 2012, ardú an-bheag ar chostas 2011 de €65,359.

Ag teacht le ríomhanna sna blianta roimhe seo, ní áirítear ach costais faoi rialú díreach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Ní áirítear caiteachas caipitiúil, lena n-áirítear sócmhainní trealaimh agus foirgnimh agus oibreacha beaga, sna ríomhanna ar mhaithe le comparáidí idir cineálacha príosúin agus bliain i ndiaidh bliana a éascú.

Léirítear sna táblaí seo a leanas na figiúirí don bhliain 2012 agus na figiúirí comparáideacha don bhliain 2011. Tá na costais seo a leanas san áireamh sna ríomhanna:

- Cóiríocht – Costais Ghaolmhara Athraitheacha – cothabháil agus deisiúchán; solas, teas agus cumhacht; conarthaí seirbhíse; glanadh agus diúscairt dramhaíola; muirir uisce; costais chomhshaoil agus costais sláinte agus sábháilteachta.
- Costais Athraitheacha atá bainteach le príosúnaigh – lónadóireacht; cúram sláinte; aiscí do phríosúnaigh; oiliúint oibre (gan sócmhainní trealaimh / foirgnimh ná oibreacha beaga san áireamh); éadach, cóir leapa srl.; ábhair oideachasúla; mótarfheithiclí (cothabháil agus breosla, srl.); áiseanna áineasa; níosáin éadaigh; brathadóireacht drugaí agus cléir ar cuairt.
- Costais Sheasta atá bainteach le príosúnaigh – pá coinneála; taisteal; teileachumarsáid; éidí príosúin agus soláthairtí oifige, srl.
- Costais Neamhchoinneála (Coimhdeachtaí do Phríosúnaigh san áireamh) – pá neamhchoinneála; oibríochtaí neamhchoinneála agus costais riaracháin agus íocaíochtaí cúitimh.

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann – Gach Príosún

CINEÁL CAITEACHAIS	2011	2012
	Costas/Áit	Costas/Áit
	(4,486 Áit)	(4,461 Áit)
Costais Athraitheacha atá bainteach le Cóiríocht	4,209	4,530
Costais Athraitheacha atá bainteach le Príosúnaigh	5,799	6,167
Costais Sheasta atá bainteach le Príosúnaigh	44,037	43,076
Costais Neamhchoinneála (Coimhdeachtaí do Phríosúnaigh san áireamh)	11,315	11,631
IOMLÁN	65,359	65,404

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann – Príosúin Oscailte

CINEÁL CAITEACHAIS	2011	2012
	Costas/Áit	Costas/Áit
	(270 Áit)	(262 Áit)
Costais Athraitheacha atá bainteach le Cóiríocht	3,519	4,188
Costais Athraitheacha atá bainteach le Príosúnaigh	4,783	4,639
Costais Sheasta atá bainteach le Príosúnaigh	26,239	25,644

Seirbhís Phríosúin na hÉireann – Tuarascáil Bhliantúil 2012

Costais Neamhchoinneála (Coimhdeachtaí do Phríosúnaigh san áireamh)	7,221	7,497
IOMLÁN	41,763	41,968

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann – Príosúin Dhúnta

CINEÁL CAITEACHAIS	2011	2012
	Costas/Áit	Costas/Áit
	(3,857 Áit)	(3,883 Áit)
Costais Athraitheacha atá bainteach le Cóiríocht	4,155	4,459
Costais Athraitheacha atá bainteach le Príosúnaigh	5,935	6,281
Costais Sheasta atá bainteach le Príosúnaigh	44,253	42,733
Costais Neamhchoinneála (Coimhdeachtaí do Phríosúnaigh san áireamh)	11,567	11,745
IOMLÁN	65,910	65,218

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann – Príosúin Ardszlándála

CINEÁL CAITEACHAIS	2011	2012
	Costas/Áit	Costas/Áit
	(359 Áit)	(316 Áit)
Costais Athraitheacha atá bainteach le Cóiríocht	5,302	5,687
Costais Athraitheacha atá bainteach le Príosúnaigh	5,096	6,037
Costais Sheasta atá bainteach le Príosúnaigh	55,104	61,739
Costais Neamhchoinneála (Coimhdeachtaí do Phríosúnaigh san áireamh)	11,683	13,645
IOMLÁN	77,184	87,108

Maidir leis na háiteanna príosúin atá ar fáil agus a bhfuil foireann ann, tá na figiúirí ina dtaobh sin bunaithe ar an meántoilleadh leapacha i ngach foras don bhliain 2012.

Creat um Fháisnéis Bhainistíochta (CFB) a Fheidhmiú laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag leanúint ag feabhsú a dtuairisciú faoin CFB chun bainistíocht agus smacht airgeadais feabhsaithe a chur ar fáil. Is é an cuspóir ná eagraíocht atá níos stráitéis-tiomáinte bheith ann a shásaíonn na héilimh ó chóras dlí nua-aimseartha agus é sin a dhéanamh ar shlí atá éifeachtúil ó thaobh costais dhe. Le linn 2012, lean Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag cur tuarascálacha

airgeadais míosúla ar fáil do Stiúrthóirí agus do Ghobharnóirí na bPríosún agus cuireadh tuilleadh oiliúna ar fáil don fhoireann bunriachtanach chun eolas airgeadais a ghiniúint agus a mhíniú.

Mar thacaíocht don CFB, tá buiséid déabhlóidithe do bhainistíocht sinsearach i réimsí de chaiteachas lánroghnach chun cúnamh a thabhairt cinntí a dhéanamh chun acmhainní a leithdháileadh agus a bhainistiú.

Aguisín II

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí – Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012

Lean an Phróiseas Athbhreithnithe Tascanna le linn na bliana agus críochnaíodh, aontaíodh agus feidhmíodh seacht dtuarascáil. Is é an toradh atá air sin sna na seacht n-ionad sin ná go bhfuil glanlaghdú de 67 den fhoireann i gcomparáid leis an leibhéal foirne a bhí aontaithe roimhe sin agus fágann atheagar ar ghráid foirne laistigh de na suíomhanna gur gineadh coigealtas bliantúil de thart ar €6 mhilliún.

Tá trí thuarascáil críochnaithe agus aontaithe agus sa sceideal le feidhmiú go luath in 2013. Tá an obair allamuigh ar na ceithre shuíomh príosúin eile atá fanta críochnaithe agus tá dréacht thuarascálacha le n-eisiúint go luath in 2013. Tá dhá athbhreithniú náisiúnta seirbhíse (PSEC, lena n-áirítear na CBC agus OSG) tosaithe. Tá trí athbhreithniú náisiúnta (Cúram sláinte, Ceirdeanna/Comhlíonadh agus Siopa Milseán) tosaithe agus beidh siad críochnaithe in R2 2013.

Tá maoirseacht fheidhmithe ag leanúint ar gach suíomh a bhfuil tuarascálacha aontaithe fúthu. Tá foirne áitiúla feidhmithe bunaithe, tá cruinnithe á reachtáil agus plean gnímh feidhmithe forbartha do gach láthair.

Seachnaíodh dul i muinín eadrána den tríú páirtí ar aon ábhar le linn na bliana agus réitíodh ábhair ábharacha go rathúil trí éascú ó Chathaoirleach Chomhlacht Forfheidhmithe Earnál na bPríosún. Cé go raibh laghdú suntasach ar leibhéal foirne agus méadú suntasach ar ualaigh oibre, mar atá imlínithe thíos, agus in ainneoin na ndeacrachtaí a bhain leis na Gráid nua Riaracháin agus Tacaíochta Príosún a tugadh isteach agus an t-ath-implonú a rinneadh ar ghráid chléireachais ina dhiaidh sin, d'fhan caidreamh tionsclaíocht laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann go maith sa tréimhse dhúshlánach seo. Baineadh é seo amach thrí fhócas soiléir ar chumarsáid, éascaithe ag rannpháirtíocht dhéthaobhach agus, go sonrach, Grúpa Earnála na bPríosún an Chomhlachta Forfheidhmithe.

Lean laghdú ar leibhéal foirne le linn na tréimhse, rud a chruthaigh dúshlán shuntasacha oibriúcháin i gcomhthéacs gur fhan líon na bpríosúnach seasmhach ach a bhí níos airde ná na leibhéil a bhí ann tráth ar baineadh amach Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú). Baineadh amach na laghdaithe foirne seo ag tráth a bhfuil folúntais ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar fud na Seirbhíse,

lena n-áirítear go sonrach altraí (30), oifigigh riaracháin agus tacaíochta príosúin (90) agus i réimsí oiliúna oibre (á athchumrú faoi láthair).

Tharla an laghdú foirne i bpáirt leis an ardú ar líon na bpríosúnach chun tosaigh ar na hathruithe a theastaíonn ar chumraíocht foirne agus a bhfuil soláthar déanta dóibh sa Chomhaontú. Cheal comhaontú iomlán agus críochnúil ar gach gné de thorthaí an Athbhreithnithe Tascanna ag gach suíomh ní féidir na costais shubstaintiúla a seachnaíodh go dáta a aithint mar bheart iomlán inbhuanaithe go dtí go dtosófar ag feidhmiú gach tuarascáil.

Is gné bhunúsach den Chomhaontú é caighdeán na réimeas príosún agus tá obair go leor ag teastáil chun samhlacha foirne a athchumrú chun aghaidh a thabhairt ar an ngné seo den Chomhaontú lena n-áirítear achmhainní a sholáthar chun gníomhaíochtaí creidiúnaithe struchtúrtha a chur ar fáil ar fud na Seirbhíse. Tá dul chun cinn suntasach déanta le linn na bliana ar an ngné seo den Chomhaontú; lena n-áirítear go sonrach an polasaí Réimeas Dreasaithe a tugadh isteach (sonraí imlínithe thíos) agus an cuíchóiriú ar an struchtúr Oiliúna Oibre trí dheireadh a chur leis na gráid mar Ghobharnóir Cúnta Oiliúna Oibre agus an grád nua mar Oifigeach Oiliúna Oibre a thabhairt isteach in áit poist mar Chigire Cúnta Tionsclaíoch.

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann rannpháirteach i gcónaí i bpróiseas chun comhoibriú idir-ghníomhaireachta a chothú sa earnáil dlí choiriúil agus sa earnáil pobail lena n-áirítear:

1. Faoi choimirce an Ghrúpa Idirchaidrimh Gníomhaireachta Dlí tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlachtaí sna na Cúirteanna Cuarda agus Dúiche.
2. Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann tagtha ar chomhréiteach leis an tSeirbhís Chúirteanna faoi roinnt athruithe in oibriúchán Na gCúirteanna Breithiúnais Coiriúla (CBC). Is é an toradh atá orthu seo go bhfuil éifeachtúlachtaí oibriúcháin fheabhsaithe ag an tSeirbhís Phríosúin agus go bhfuil laghdú chomh maith ar líon na foirne a chuireann an tSeirbhís Phríosúin ar fáil. In Deireadh Fómhair 2012, rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Chúirteanna comhréiteach faoi athstruchtúru oibriúcháin na 4 Chúirt Dúiche in CBC. D'fhág seo go raibh laghdú láithreach de 8 n-oifigeach ar líon na foirne ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann sa CBC. Bhí coigilteas de €490,000 sa bhliain ar chostais le giniúint as seo agus laghdú ar riachtanais laethúla tionlacain ó phríosúin Bhaile Átha Cliath chomh maith rud a d'fhág níos lú cur isteach ar a réimse laethúil. Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann i dteagmháil leis an tSeirbhís Chúirteanna i gcónaí chun tuilleadh coigilteas a ghiniúint in oibriúchán an CBC.

3. Ar mhaithe le héifeachtúlachtaí a chothú sa chóras dlí Choiriúil, tá comhréiteach déanta ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann le Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí agus leis An Garda Síochána go ndéanfaidh Gobharnóirí Príosún scrúdú ar gach iarratas chun príosúnach a thabhairt os comhair cúirte (cuma ar toghairm nó bileog chúisimh atá i gceist) nuair atá an príosúnach ag cur isteach pianbhreith de phríosún saoil nó pianbhreith de cúig bhliana nó os a chionn agus gur coir achomair í an choir a bhfuiltear ag iarraidh go dtiocfadh an príosúnach os comhair cúirte fúithi.
4. Tá an tSeirbhís Chúirteanna agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann tar éis an scóip a aithint le forbairt bhreise a dhéanamh ar shaoráidí fíis-chomhdhála a úsáid idir príosúin agus láithreacha éagsúla cúirte.
5. Tá comhréiteach déanta ag na cumainn foirne chun deifir a chur leis an obair idirghníomhaireachta seo go dtí Ráithe 1 2013 (faoi réir chomhaontú leis an tSeirbhís Chúirteanna agus An Garda Síochána).
6. Tá prótacail chun eolas a roinnt idir gníomhaireachtaí tábhachtacha sa chóras dlí choiriúil (Gardaí, an tSeirbhís Chúirteanna, Promhadh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann) á scrúdú, á bhforbairt agus á bhfeidhmiú.

D'oscail cóiríocht nua do phríosúnaigh ag an Lárionad le Dóchas (20 áit) agus ag Príosún an Láir Tíre (300 áit) faoi shamhalacha nua foirne níos éifeachtúla in Ráithe 4, 2012, inár tugadh aghaidh ar shaincheisteanna lena n-áirítear cóiríocht as dáta, plódú, deacrachtaí sláintíochta, srl., rud a d'fheabhsaigh caighdeán an eastáit phríosúin do phríosúnaigh agus don fhoireann araon. Is é an toradh atá ar oscailt na saoráidí seo ag úsáid samhalacha foirne níos éifeachtúla go bhfuiltear ag seachaint costais de thart ar €3.25 milliún sa bhliain.

1. **An Lárionad le Dóchas:** Osclaíodh cóiríocht nua in Samhain 2012, tar éis comhréiteach a dhéanamh leis an gCumann Foirne. Cuirfidh sé seo feabhas suntasach ar an bplean don sreabhadh réimis don Lárionad le Dóchas trí láthair chónaithe agus oibre dhreasaithe a sholáthar laistigh den saoráid reatha.
2. **An Bloc nua i bPríosún an Láir Tíre:** Osclaíodh an bloc nua cillíní ina bhfuil 300 áit nua in Deireadh Fómhair 2012 tar éis comhréiteach a dhéanamh leis an gCumann Foirne. Trí fheidhmiú an Chomhaontaithe beidh an saoráid nua seo ag feidhmiú trí shamhail nua foirne a thabhairt isteach atá ceangailte leis an mBeartas Réimeas Dreasaíthe a fheidhmiú agus Bainistíocht Phianbhreitheanna Chomhtháite a sholáthar sa bhloc nua príosúin seo. Tabharfaidh sin deis do

Sheirbhís Phríosúin na hÉireann leanúint lena gcuipóirí stráitéiseacha chun plódú a laghdú agus deireadh a chur le fualáin á bhfolmhú i bPríosúin Chorcaí, Luimnigh agus Mhuinseo.

3. **Príosún Mhuinseo:** Tá an t-athchóiriú ar Eite C (athoscailte Bealtaine 2012) agus Eite B (athoscailte Nollaig 2012) lena n-áirítear sláintíocht sna na cillíní críochnaithe. Tá aonad cimithe tiomnaithe in Eite C anois. Fágann athoscailt Eití B éascú Eite A a dhúnadh agus gur féidir oibreacha a thosú chun sláintíocht a chur sna na cillíní agus feabhas a chur ar choinníollacha sa Eite sin.

Aguisín III

Daoine faoi Choimeád faoi Phianbhreith ar 30 Samhain 2012 – Cionghrúpa arna rangú de réir fhad na pianbhreithe

	Míonna			Blianta							
	< 3	3 go <6	6 go <12	1 go <2	2 go <3	3 go <5	5 go <10	10+	P. Saoil	Iom.	%
G1 Cionta Dúnbhásaithe	-	-	-	1	2	14	60	25	291	393	10.6
G2 Cionta Gnéasacha	-	2	5	28	21	53	121	83	12	325	8.8
G3 Iarrachtaí / Bagairtí ar Dhúnmharú, Ionsuithe, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara	-	17	32	61	85	124	96	21	2	438	11.8
G4 Gníomhartha Dainséaracha nó Faillíocha	2	7	17	25	16	23	16	-	-	106	2.9
G5 Fuadach agus Cionta Gaolmhara	-	-	-	2	5	12	20	11	-	50	1.3
G6 Robáil, Sracaireacht agus Cionta Urghabhála	-	-	2	13	22	53	28	9	-	127	3.4
G7 Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara	-	13	40	82	58	115	52	10	-	370	10.0
G8 Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara	10	21	89	124	119	188	125	4	-	680	18.3
G9 Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara	-	5	8	18	11	10	8	-	-	60	1.6
G10 Cionta um Dhrugaí Rialaithe	2	3	13	49	78	186	269	104	-	704	19.0
G11 Cionta Arm agus Pléascán	-	5	17	8	9	36	71	22	-	168	4.5
G12 Damáiste do Mhaoin agus don Chomhshaol	3	5	28	12	8	25	9	-	-	90	2.4
G13 Cionta Oird Phoiblí agus Cóid Shóisialta	10	14	15	11	2	5	-	-	-	57	1.5
G14 Cionta Bóthair agus Tráchta	4	11	15	7	1	-	-	-	-	38	1.0
G15 Cionta in aghaidh an Rialtais, Níosanna Imeachta Ceartais agus Coireacht Eagraithe	8	9	13	9	2	6	11	1	-	59	1.6
G16 Cionta nach rangáitear faoi theideal eile	1	2	12	10	7	7	6	-	-	45	1.2
Iomlán	40	114	306	460	446	857	892	290	305	3,710	

Fíor 14. Daoine faoi choimeád faoi phianbhreith ar 30 Samhain 2012

Aguisín IV

Meánlíon laethúil na bpríosúnach i ngach foras in 2012

Foras	Toilleadh Leapacha	Faoi Choimeád	Ar Scaoileadh Sealadach	Ar Athchur / Ar A dTriail
Cnoc an Arbhair	148	146	1	4
An Caisleán Riabhach	351	361	35	55
Cnoc na Seamar	431	429	13	312
Corcaigh	252	259	134	35
Luimneach (bn)	34	28	35	4
Luimneach (fr)	263	261	68	40
An Lochán	149	104	22	0
Lár Tíre	638	616	75	17
Muinseo (bn)	105	124	74	27
Muinseo (fr)	589	603	165	3
Port Laoise	316	278	3	6
Mainistir Shelton	113	102	18	0
Foras Naomh Pádraig	217	204	14	27
Aonad Oiliúna	127	116	26	0
Páirc na Cruithneachta	687	687	94	29
Iomlán	4,420	4,318	777	559

Fíor 15. Meánlíon laethúil na bpríosúnach i ngach foras in 2012

Aguisín V


Cimithe chuig Príosún ó 2001 go dtí 2012

Bliain	Iomlán	Athrú ar fhigiúr bliana roimhe - %	Daoine	Athrú ar fhigiúr bliana roimhe - %	Fireann	Baineann
2001	12,127		9,539		8,616	923
2002	11,860	-2.2	9,716	1.90	8,673	1,043
2003	11,775	-0.7	9,814	1.00	8,669	1,145
2004	10,657	-9.5	8,820	-10.10	7,914	906
2005	10,658	0.0	8,686	-1.50	7,780	906
2006	12,157	14.1	9,700	11.70	8,740	960
2007	11,934	-1.8	9,711	0.10	8,556	1,155
2008	13,557	13.6	10,928	12.50	9,703	1,225
2009	15,425	13.8	12,339	12.90	10,880	1,459
2010	17,179	11.4	13,758	11.50	12,057	1,701
2011	17,318	0.8	13,952	1.41	12,050	1,902
2012	17,026	-1.7	13,860	-0.7	11,709	2,151

Fíor 16. Cimithe chuig Príosún 2001-2012

Aguisín VI

Meánlíon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád 2008- 2012



Fíor 17. Meánlíon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád 2008-2012

Aguisín VII

Cimithe faoi phianbhreith 2012

Arna rangú de réir Cionghrúpa agus fhad na pianbhreithe

Cionghrúpa	Míonna			Blianta						
	< 3	3 go <6	6 go <12	1 go <2	2 go <3	3 go <5	5 go <10	10+	P. Saoil	Iom.
01 Cionta Dúnbhásaithe	-	-	-	1	2	7	16	6	22	54
02 Cionta Gnéasacha	2	8	9	35	14	28	44	7	-	147
03 Iarrachtaí / Bagairtí ar Dhúnmharú, lonsuithe, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara	103	136	117	78	85	74	25	3	-	621
04 Gníomhartha Dainséaracha nó Faillíocha	819	177	54	15	9	15	7	-	-	1,096
05 Fuadach agus Cionta Gaolmhara	-	-	-	1	6	7	5	2	-	21
06 Robáil, Sracaireacht agus Cionta Urghabhála	1	-	12	20	27	35	8	1	-	104
07 Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara	27	80	135	55	63	51	6	-	-	417
08 Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara	409	270	350	124	105	105	22	1	-	1,386
09 Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara	206	75	64	15	14	11	2	-	-	387
10 Cionta um Dhrugaí Rialaithe	410	92	96	56	80	111	67	10	-	922
11 Cionta Arm agus Pléascán	42	36	80	9	14	25	14	1	-	221
12 Damáiste do Mhaoin agus don Chomhshaol	206	90	125	17	15	15	2	-	-	470
13 Cionta Oird Phoiblí agus Cóid Shóisialta	1,571	204	60	13	1	3	1	-	-	1,853
14 Cionta Bóthair agus Tráchta	3,416	414	76	1	1	-	-	-	-	3,908
15 Cionta in aghaidh an Rialtais, Nósanna Imeachta Ceartais agus Coireacht Eagraithe	1,062	106	73	9	3	3	3	-	-	1,259
16 Cionta nach rangaítear faoi theideal eile	563	46	22	12	8	4	5	-	-	660
Iomlán	8,837	1,734	1,273	461	447	494	227	31	22	13,526
2011	8,070	1,786	1,358	636	380	472	227	39	22	12,990
Difríocht	767	-52	-85	-175	67	22	0	-8	0	536
%	9.5	-2.9	-6.3	-27.5	11.6	4.7	0.0	-20.5	0.0	4.1

Fíor 18. Cimithe faoi phianbhreith de réir cionghrúpa agus fhad na pianbhreithe in 2012